

GAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN AN BEARTAS UM LABHAIR AMACH

1. RÉAMHRÁ AGUS RÁITEAS BEARTAIS

- 1.1. Tá Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (“**an Gailearaí**”) tiomanta do thabhairt faoina ghnóthaí go dleathach, go hionraic agus le hiomláine, agus tá súil aige go gcothaíonn gach comhalta den Ghailearaí na caighdeáin is airde ina leith seo.
- 1.2. Léirítear sa Bheartas seo tiomantas an Ghailearaí do dhul i ngleic le buarthaí faoi éagóir a d’fhéadfadh teacht aníos agus Oibrithe a chosaint (faoi mar a shainmhínítear ag mír 2 thíos) a thuiriscíonn éagóir faoin mBeartas seo. Baineann bunriachtanas le cuntasacht oscailteachta agus cuntasachta san ionad oibre chun cosc a chur ar éagóir agus dul i ngleic le héagóir má thiteann sí amach.
- 1.3. Is iad aidhmeanna an Bheartais seo:
 - a) tuairisciú ábhair buartha a spreagadh faoi Éagóir Ábhartha agus fios ag daoine go gcaithfear go tromchúiseach le tuairiscí agus go n-imscrúdófar iad mar is cuí;
 - b) treoir a sholáthar maidir le conas na buarthaí siúd a thabhairt le fios; agus
 - c) a chur in iúl go soiléir d’oibrithe gur féidir agus gur cheart fíorbhuarthaí a thabhairt le fios, fiú má tharlaíonn go raibh dul amú orthu, gan eagla a bheith orthu go ngearrfar pionós orthu.
- 1.4. Tugadh an Beartas seo isteach in 2015 le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 a chur san áireamh. Leasaigh an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (tugtar “**na hAchtanna**” ar an Acht seo agus ar Acht 2014), go príomha chun ceanglais na Treorach ón AE maidir le Cosaint do Lucht Sceite Eolais a chomhlíonadh. Nuashonraíodh an Beartas seo leis na ceanglais nua seo a chomhlíonadh agus trí thagairt do *an tAcht um Nochtadh Cosanta, Treoir Eatramhach do Chomhlachtaí Poiblí agus Daoine Forordaithe* a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Samhain 2022 (“**Treoir an RCPA**”).
- 1.5. Is é dáta éifeachtach an bheartais seo **an 1 Eanáir 2023**.

2. SCÓIP AN BHEARTAIS SEO

Cumhdaítear na hOibrithe go léir sa Ghailearaí sa Bheartas seo. Áirítear le “**Oibrithe**” sa chomhthéacs seo iarchomhaltaí agus comhaltaí reatha an Bhoird Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí, fostaithe buana agus téarma sheasta, oifigh, sainchomhairleoirí, oibrithe

deonacha, conraitheoirí, intéirnigh, mic léinn ar thaithí oibre, oibrithe ócáideacha, fostaithe gníomhaireachta sealadacha, scairshealbhóirí, iarratasóirí poist, iad siúd atá bainteach in idirbheartaíocht réamhchonartha leis an nGailearaí agus daoine féinfhostaithe a oibríonn ag an nGailearaí.

3. STÁDAS AN BHEARTAIS SEO

Leagtar amach sa Bheartas seo an nós imeachta chun nochtadh cosanta a dhéanamh faoi na hAchtanna. Tá an Bheartas seo deonach ó thaobh an Ghailearaí de agus ní cuid é d'aon chonradh, cibé acu conradh fostaíochta nó conradh ar bith eile, agus is féidir é a leasú ag aon tráth, ar an gcaoi sin.

4. FREAGRACHT

- Is faoin mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí atá sé maoirseacht a dhéanamh ar an mBeartas seo.
- Is ar Stiúrthóir an Ghailearaí atá an fhreagracht fhoriomlán as maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta a bhaineann le tuairisciú inmheánach a leagtar amach sa Bheartas seo.
- Is ar na daoine a ainmnítear mar dhaoine forordaithe faoi na hAchtanna nó ar an Aire (faoi mar a shainmhínítear thíos), ag brath ar an gcainéal seachtrach a roghnaíodh, atá an fhreagracht fhoriomlán as nósanna imeachta le haghaidh tuairisciú seachtrach.
- Is ar an gCoimisinéir (“**an Coimisinéir**”) atá an fhreagracht as tuairiscí a fhaightear nó a chuirtear faoi bhráid Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta a láimhseáil.
- Is ar Acmhainní Daonna atá an fhreagracht laethúil as an mBeartas seo.
- Déanfaidh an Ceann Bailiúchán agus Taighde:
 - monatóireacht leanúnach ar an mBeartas seo;
 - “tacú” leis an bpróiseas nochtadh cosanta; agus
 - athrú cultúir agus athrú ar mheonta i leith nochtadh cosanta i measc fhostaithe uile an Ghailearaí a chur chun cinn agus a chothú.

5. CAD É NOCHTADH COSANTA?

- 5.1. Eolas Ábhartha a nochtadh é **nochtadh cosanta** a gcreideann an tOibrí go réasúnta gur nós leis Éagóir Ábhartha amháin nó níos mó a thabhairt le fios laistigh den Ghailearaí agus a cuireadh ar aird an Oibrí i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.
- 5.2. Nuair a chreideann an tOibrí go réasúnta nach mbaineann an éagóir ach le nó go mbaineann an éagóir le hiompar duine eile seachas fostóir an oibrí, nó le rud éigin a bhfuil freagracht dhlíthiúil ar an duine eile sin as, is féidir leis an Oibrí nochtadh a dhéanamh leis an duine eile sin.

6. CAD É ÉAGÓIR ÁBHARTHA?

Ábhartha Éagórachá atá sa mhéid seo a leanas, a rinneadh, nó atá á ndéanamh nó is dóchúil a dhéanfar nó a thitfidh amach:

- (a) cion;
- (b) theip ar aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh (seachas oibleagáid a thagann aníos faoi chonradh fostaíochta an Oibrí a dhéanann an nochtadh, ar cheart Nós Imeachta Casaoide an Ghailearaí a úsáid ina leith, nó conradh eile ina ngeallann an tOibrí chun aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó chun tabhairt fúthu go pearsanta);
- (c) iomrall ceartais;
- (d) sláinte agus sábháilteacht aon duine aonair a chur i mbaol;
- (e) díobháil a dhéanamh don chomhshaol;
- (f) úsáid neamhdhleathach nó mhíchúí a bhaint as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí;
- (g) gníomh nó easnamh a rinne comhlacht poiblí nó a rinneadh thar ceann comhlacht poiblí atá leatromach, idirdhealaitheach nó thar a bheith faillíoch nó más ionann agus fíor-mhíbhainistíocht é;
- (h) aon cheann de na ceisteanna thuas a cheilt d'aon turas; nó
- (i) sárúithe áirithe ar dhlí an AE.

7. NA RUDAÍ NACH GCUIRTEAR SAN ÁIREAMH

- 7.1. Ní féidir an Beartas seo a úsáid le ceist a thabhairt chun solais a bhaineann le casaoidí idirphearsanta amháin a dhéanann difear do dhuine, is é sin, casaoidí faoi choimhlintí idirphearsanta idir an duine a dhéanann an tuairisciú agus oibrí eile, nó ceist a

bhaineann le gearán a dhéanann duine tuairiscithe le, nó faoina bhfostóir a bhaineann leis oibrí agus leo siúd amháin. Sna cásanna siúd, ba cheart don Oibrí nós imeachta cuí an Ghailearaí a úsáid, faoi mar a chuireann Roinn Acmhainní Daonna an Ghailearaí in iúl.

- 7.2. Ní bheartaítear go gcuirtear an Beartas seo in ionad gnáth-thuairisciú laethúil oibríochtúil nó nósanna imeachta fostaíochta inmheánaí eile.
- 7.3. Mura bhfuil Oibrí cinnte faoi cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil rud éigin laistigh de scóip an Bheartais seo, ba cheart dóibh comhairle a lorg ón gCeann Bailiúchán agus Taighde, arb iad seo a leanas a sonraí teagmhála:

Teideal teagmhála: An Ceann Bailiúchán agus Taighde

Ainm an teagmhálaí: Kim Smit

Uimhir ghutháin: 01 663 3540

Seoladh ríomhphoist: ksmit@ngi.ie

8. COSAINT AGUS TACAÍOCHT

- 8.1. Mar gheall ar thiomantas tréan an Ghailearaí don Bheartas seo, is féidir le hOibrí buarthaí a thabhairt le fios don Ghailearaí a bhfuil údar réasúnta leo faoi Éagóir Ábhartha agus a bheith cinnte go dtacófar le hOibrí agus go gcosnófar iad ó dhrochthorthaí. Chomh fada agus go gcreideann an tOibrí gur nós le heolas a chuirtear in iúl dóibh maidir lena bhfostaíocht/rannpháirtíocht Éagóir Ábhartha a thabhairt le fios, is cuma má bhíonn dul amú orthu. Ní bhaineann spreagadh an Oibrí chun buairt a thabhairt le fios le hábhar.
- 8.2. Ní bhíonn ar Oibrí aon rud a chruthú. Níor cheart d'oibrithe, faoi chúinsí ar bith, tabhairt faoina n-imscrúduithe féin, is cuma a fheabhas a bhí an intinn, mar gheall go bhféadfadh imscrúdú lochtach nó míchuí baint dár gcumas dul i mbun gníomh éifeachtach.
- 8.3. Caithfidh oibrithe, áfach, tuairisciú a dhéanamh ar an mbealach a leagtar amach sna hAchtanna le cosaintí an Achta a fháil agus baineann caighdeán níos airde nuair a dhéantar an nochtadh cosanta go seachtrach.
- 8.4. Má dhéanann Oibrí Nochtadh Cosanta, cosnaítear leis an dlí iad in aghaidh dífhostú nó aon fhoirme de phionósú mar thoradh ar bhuaire a thabhairt le fios. Ciallaíonn pionósú sa chomhthéacs seo *“aon ghníomh nó easnamh díreach nó indíreach a tharlaíonn i*

gcomhthéacs a bhaineann leis an obair, ar tuairisc a dhéanamh is cúis leis, agus a mbíonn oibrí thíos le nó a bhféadfadh oibrí a bheith thíos le dochar gan údar dá bharr.”

- 8.5. Áirítear le pionósú fionraí, leagan as, dífhostú, ísliú céime nó cailteanas deise d’ardú céime, aistriú dualgas, athrú ar láthair áit oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre, aon phionós disciplíneach, iomardaithe nó aon phionós eile a ghearradh nó a riar, teip ar chonradh buan a dhéanamh de chonradh sealadach, atreorú leighis, caitheamh éagórach, comhéigean, imeaglú nó ciapadh, idirdhealú, míbhuntáiste nó gortú, díobháil nó cailteanas, nó bagairt ar bheart díoltais.
- 8.6. Má chreideann Oibrí go raibh siad thíos le haon chaitheamh den saghas sin, ba cheart dóibh an Ceann Bailiúchán agus Taighde a chur ar an eolas láithreach.
- 8.7. Mura gceartaítear an cheist, ba cheart dóibh í a thabhairt le fios go foirmiúil trí úsáid a bhaint as ár Nós Imeachta Casaoide.
- 8.8. Is féidir le hoibrithe comhairle agus tacaíocht neamhspleách a lorg má tá sé ar intinn acu nochtadh cosanta a dhéanamh nó má rinne siad nochtadh cosanta. Cuireann Trédhearcacht Idirnáisiúnta Éireann Líne Chabhrach um Labhair Amach agus Ionad Comhairle Díl saor in aisce ar fáil. D’fhéadfadh comhairle agus tacaíocht a bheith ar fáil freisin ó cheardchumainn oibrithe agus ó Chomhairle do Shaoránaigh.

9. RÚNDACHT

- 9.1. Tá súil againn go mbraitheann Oibrithe gur féidir leo buarthaí a thabhairt le fios go hoscailte, ach tuigimid, áfach, go bhféadfadh gur mian le hOibrí buairt a thabhairt le fios faoi rún faoin mBeartas seo.
- 9.2. Má iarrann Oibrí orainn a n-aitheantas a chosaint trí é a choimeád faoi rún, ní nochtfaimid a n-aitheantas gan a dtoilú. Má thagann an cás aníos nach féidir linn an bhuaire a réiteach nó imscrúdú breise a dhéanamh uirthi gan a n-aitheantas a nochtadh nó más gá aitheantas a nochtadh, pléifimid leis an Oibrí conas is fearr is féidir linn leanúint ar aghaidh.
- 9.3. Ní spreagaimid Oibrithe nochtadh a dhéanamh go hanaithnid mar gheall gur deacra a bheidh sé imscrúdú ceart a dhéanamh agus b’fhéidir nach bhféadfaí é a dhéanamh mura bhfaighimid eolas breise ón Oibrí. Geallann an Gailearaí do ghníomhú i leith an nochta sin a mhéid agus is féidir. Ba cheart d’oibrithe a thabhairt faoi deara nach féidir leo sásamh a fháil faoi na hAchtanna gan iad féin a shainithint.

- 9.4. Ba cheart d’oibrithe atá buartha faoi phionósú nó bearta díoltais féideartha má nochtfar a n-aitheantas teagmháil a dhéanamh leis an gCeann Bailiúchán agus Taighde agus rachfar i mbun na mbeart cuí ansin le rúndacht a chaomhnú.

10. CONAS GEARÁN A THABHAIRT LE FIOS

Is féidir buarthaí a thabhairt le fios trí **chainéil tuairiscithe inmheánacha** nó **cainéil tuairiscithe sheachtracha**. Tugtar achoimre orthu seo in **Aguisín 1** agus cuirtear leagan amach níos mionsonraithe ar fáil orthu thíos.

11. CAINÉIL TUAIRISCITHE INMHEÁNACHA

- 11.1. Tá súil againn go mbeidh an tOibrí in ann aon bhuarthaí a d’fhéadfadh bheith acu a thabhairt le fios in go leor cásanna dá mbainisteoir líne agus go réiteofar iad gan gá a bheith le tabhairt faoin bpróiseas foirmiúil a dtugtar cuntas air thíos, go háirithe i gcás mioncheisteanna. Ach nuair a bhraitheann siad nach féidir leo a mbuarthaí a réiteach ar an mbealach seo, ar chúis ar bith, áfach, ba cheart tabhairt faoi na bearta seo a leanas:

11.2. Céim 1: Nochtadh

- 11.2.1. Ba cheart don Oibrí an nochtadh a chur i scríbhinn trí ríomhphost a sheoladh chuig ksmit@ngi.ie. Ní bheidh teacht ar an gcuntas seo ach ag an gCeann Bailiúchán agus Taighde. Má cheapann an tOibrí gur míchuí go ndéileálann an Ceann Bailiúchán agus Taighde leis an nochtadh ar chúis ar bith, coimhlint leasa san áireamh, is féidir leo ríomhphost a sheoladh chuig an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ag pgolden@ngi.ie mar rogha air sin (ar “duine ainmnithe” iad an bheirt daoine siúd).

- 11.2.2. Cinnteoidh an Gailearaí go ndéantar cainéil chun tuairiscí inmheánacha a fháil a ainmniú, a bhunú agus a oibriú ar bhealach slán a chinntíonn go ndéantar rúndacht aitheantas an duine a thugann le fios iad (agus aon tríú páirtí a luaitear sa tuairisc) a chosaint agus a chuireann cosc ar theacht a bheith ag daoine, seachas daoine ainmnithe, orthu.

- 11.2.3. Ba cheart an t-eolas, ar a laghad, a bheith i dtuairiscí a leagtar amach in **Aguisín 2**.

11.3. Céim 2: Aithint

Aithneoidh an duine ainmnithe nochtadh an oibrí i scríbhinn trí scríobh chucu ar ríomhphost tráth nach faide ná 7 lá i ndiaidh go bhfuarthas é. Ceanglófar san aitheantas

seo cóip den Bheartas seo agus tabharfar conas ann ar conas a chosnófar aitheantas an Oibrí agus ar bhearta a dhéanamh le hiad a chosaint ó phionósú.

11.4. **Céim 3: Measúnú Leantach**

Baineann Measúnú Tosaigh, dul i mbun an ghnímh chuí agus aiseolas agus eolas soiléir a sholáthar d'Oibrithe ar chainéil agus nósanna imeachta tuairiscithe chun tuairiscí a dhéanamh.

11.5. **Céim 3A: Measúnú Tosaigh**

11.5.1. Tar éis gur aithníodh an tuairisc, tabharfaidh an duine ainmnithe (nó duine eile ag a bhfuil údarú sonrath don chuspóir seo) faoi mheasúnú tosaigh lena dheimhniú an bhfuil nó nach bhfuil fianaise prima facie ann gur thit éagóir ábhartha amach agus ar cheart nó nár cheart caitheamh leis an tuairisc mar nochtadh cosanta.

11.5.2. Is féidir cuireadh a thabhairt don Oibrí freastal ar chruinnithe chun eolas breise a sholáthar. Tá siad i dteideal comhfhostaí nó ionadaí fostaithe a thabhairt leo chuig aon chruinniú má chreideann siad go dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu.

11.5.3. Cuirfidh an duine ainmnithe an tOibrí ar an eolas ar thoradh an mheasúnaithe tosaigh sin:

- Mura bhfuil aon fhianaise den saghas sin ann, is féidir an cheist a dhúnadh agus tabharfar fógra don duine a thug le fios é i scríbhinn ar an gcinneadh agus ar na cúiseanna a bhí leis;
- Más soiléir go mbaineann an bhuairt níos cuí le nós imeachta eile de chuid an Ghailearaí, cuirfear an tOibrí ar an eolas i scríbhinn gur dúnadh an cheist faoin mBeartas seo agus gur cheart dó leanúint ar aghaidh i gcomhréir leis an nós imeachta sin.
- Má tá fianaise den saghas sin ann, rachaidh an duine ainmnithe (nó an tosaire) i mbun an ghnímh chuí chun dul i ngleic leis an éagóir, an méid seo a leanas ina measc:
 - cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn imscrúdú agus, má theastaíonn, scóip agus cineál aon imscrúdaithe den saghas sin;

- Más mioncheist í an cheist, an tOibrí a chur ar an eolas ar an dúnadh faoin mBeartas seo, ar an gcinneadh agus ar na cúiseanna atá leis;
- an cheist a aistriú chuig an duine forordaithe cuí nó chuig an gCoimisinéir agus an tOibrí a chur ar an eolas i scríbhinn ar dhúnadh na ceiste faoin mBeartas seo, ar an aistriú chuig an gcomhlacht sin agus ar na cúiseanna atá le hamhlaidh a dhéanamh.

11.6. Céim 3B Imscrúdú

- 11.6.1. Is féidir leis an nGailearaí a roghnú imscrúdaitheoir nó imscrúdaitheoirí inmheánach(a) nó seachtrach(a) a cheapadh a bhfuil taithí ábhartha nó saineolas acu ar an ábhar. I gcásanna de chineál an-tromchúiseach, b'fhéidir go mbeidh an cheist le tabhairt le fios don Gharda Síochána nó do chomhlacht eile a bhfuil an chumhacht reachtúil acu an cheist a imscrúdú.
- 11.6.2. Cuirfear prionsabail ghinearálta nósanna imeachta cothroma agus cheartais aiceanta i bhfeidhm ar imscrúduithe agus is féidir téarmaí tagartha foirmiúla a dhréachtú, ag brath ar chineál na tuairisce.
- 11.6.3. Caithfidh an tOibrí, i rith an phróisis agus i ndiaidh dheireadh an phróisis, caitheamh le haon eolas faoin imscrúdú mar eolas rúnda. D'fhéadfaí dul i mbun gníomh disciplíneach má sháraítear an rúndacht seo ar bhealach ar bith.
- 11.6.4. Ba cheart go mbeadh oibrithe ar an eolas go gceadaítear sna hAchtanna aitheantas an duine a thugann an cheist le fios a nochtadh do dhaoine eile nuair is gá ar mhaithe le measúnú leantach a dhéanamh ar thuiriscí. Is é an sainmhíniú a thugtar ar mheasúnú leantach aon ghníomh a dhéanann faighteoir tuairisce nó duine a n-aistrítear an tuairisc chucu, le measúnú a dhéanamh ar chruinneas an eolais agus, sa chás gurb iomchuí, chun dul i ngleic leis an éagóir a tugadh le fios. Ar an ábhar sin, áirítear le measúnú leantach an measúnú agus an t-imscrúdú ar nochtadh a thugtar le fios agus na gníomhartha a dhéantar chun dul i ngleic leis an éagóir. Is minic gur gá don bhainistíocht shinsearach a bheith bainteach chun dul i ngleic le saincheisteanna a thugtar le fios, go háirithe nuair is saincheisteanna tromchúiseacha iad seo don nGailearaí.

11.7. Céim 3C Aiseolas agus Toradh

- 11.7.1. Soláthrófar aiseolas don té a thug an t-ábhar le fios laistigh de thrí mhí tar éis gur aithníodh go bhfuarthas an tuairisc ar nochtadh agus cuirfear an duine sin ar an eolas nuair a bheidh breithniú an nochtadh críochnaithe, seachas i gcásanna eisceachtúla. Is féidir aiseolas breise a iarraidh i scríbhinn ag eatraimh trí mhí ina dhiaidh sin. Is féidir le gníomhartha a rinneadh nó a bhfuil súil leis go ndéanfar chun dul i ngleic leis an éagóir a tugadh le fios a bheith i gceist le haiseolas. Coimeádaimid an tOibrí ar an eolas ar dhul chun cinn an imscrúdaithe agus ar a amscála dóchúil. Ach d'fhéadfadh an gá atá le rúndacht cosc a chur orainn, amanna, sonraí ar leith a thabhairt don Oibrí faoin imscrúdú nó faoi aon ghníomh a rinneadh mar thoradh air.
- 11.7.2. Is é an riachtanas uileghabhálach nuair a sholáthraítear aiseolas ná nach gcuirtear aon eolas in iúl a d'fhéadfadh baint de thoradh an imscrúdaithe nó aon ghníomh dá éis sin (e.g. gníomh disciplíneach, nó gníomh eile dlí, ionchúiseamh san áireamh), mar shampla, trí bhaint den cheart i leith nósanna imeachta cothroma a mbaineann an duine a ndéantar tuairisciú nó líomhain ina aghaidh taitneamh astu. Ní sholáthrófar eolas pearsanta ina leith seo maidir le hOibrí eile, cibé acu ar thit nó nár thit próiseas disciplíneach amach agus toradh aon phróisis den saghas sin san áireamh.

11.8. Céim 4: Athbhreithniú

- 11.8.1. Is féidir le duine a ndéanann aon cheann de na rudaí seo a leanas difear dóibh ceart athbhreithnithe ar chinneadh an Ghailearaí nó ar an bpróiseas a gcloíonn sé leis a iarraidh:
- Nuair a tugadh drochthoradh chun solais in imscrúdú in aghaidh duine is cúis le próiseas disciplíneach nó imscrúduithe/próisis bhreise in aghaidh an duine sin;
 - Tabhairt faoi aon ghníomhartha leantacha nó an toradh ar aon ghníomhartha (aon imscrúdú san áireamh) a rinneadh de bhun tuairisc a fháil;
 - Tabhairt faoi aon imscrúdú nó an toradh ar aon imscrúdú ar ghearán i leith pionósú; agus
 - Aon chinneadh aitheantas duine a thugann ceist le fios a nochtadh (seachas i gcásanna eisceachtúla).

- 11.8.2. Is féidir athbhreithniú a iarraidh laistigh de mhí amháin tar éis gur cuireadh an cinneadh in iúl trí ríomhphost a sheoladh chuig ksmit@ngi.ie. Caithfidh iarratasóir ar athbhreithniú a n-iarraidh a sheoladh i scríbhinn agus cuntas a thabhairt ar na cúiseanna go bhfuil athbhreithniú á lorg acu. Cuirfidh an duine ainmnithe an Stiúrthóir ar an eolas go bhfuarthas an iarraidh. Is féidir leis an Stiúrthóir a roghnú chun tabhairt faoin athbhreithnithe iad féin nó ball foirne ar leibhéal níos sinsearaí freagrachta nó páirtí seachtrach a ainmiú chun tabhairt faoi thar a gceann.
- 11.8.3. Níor cheart go ndéanfaidh ról an athbhreithneora ath-imscrúdú ar an gceist atá bainteach ach chun dul i ngleic le saincheisteanna sonracha a mbraitheann an t-iarratasóir nach ndearnadh breithniú dóthanach orthu. Ba cheart don athbhreithneoir breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas, ar an ábhar sin:
- Cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na nósanna imeachta cearta;
 - I gcás imscrúduithe, cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na téarmaí tagartha:
 - Cibé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí na tátail/torthaí a bhaint ón eolas/bhfianaise nuair a chuirtear dóchúlacht sa mheá.
- 11.8.4. Nuair a aimsítear easnaimh nó teipeanna suntasacha sa phróiseas in athbhreithniú, breithneoidh an Gailearaí cén gníomh(artha) a mb'fhéidir a bheith ag teastáil nó a mhalairt mar fhreagairt do na torthaí.
- 11.8.5. Tá toradh an athbhreithnithe críochnaitheach agus níl aon teidlíocht d'athbhreithnithe eile a dhéanamh ar an tsaincheist chéanna.

12. CAINÉIL NOCHTA TAOBH AMUIGH

- 12.1. Cuireann an Beartas seo meicníocht inmheánach ar fáil chun nochtadh a dhéanamh, buarthaí a thuairisciú, agus Éagóreacha Ábhartha a imscrúdú agus a chur ina gceart. Má bhíonn Oibrí buartha faoi éagóir a bhaineann le hiompar nó gníomhartha tríú páirtí, custaiméir, soláthraí nó soláthraí seirbhíse san áireamh, spreagann an Gailearaí go mór iad na buarthaí siúd a thabhairt le fios ar dtús go himmheánach laistigh den Ghailearaí faoin mBeartas seo. I bhformhór na gcásanna, níor cheart go sílfeadh Oibrí gur gá teagmháil a dhéanamh le haon duine go seachtrach.
- 12.2. Mar mhalairt ar an gcainéal inmheánach a dtugtar cuntas air thuas, is féidir le hOibrí nochtadh a dhéanamh ó bhéal nó i scríbhinn trí roinnt cainéil sheachtracha a dtugtar cuntas orthu ag 12.3(i) go dtí (iii) thíos. Molaimid go tréan, sula ndéanann Oibrí

nochtadh trí aon chainéal seachtrach, go lorgaíonn siad comhairle ón gCeann Bailiúchán agus Taighde mar gheall go mbíonn riachtanais éagsúla le sásamh, ag brath ar an mbealach a roghnaítear.

12.3. (i) Nochtadh a dhéanamh le “Duine Forordaithe”

12.3.1. Leagtar amach san Ordú fán Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (Nochtadh le Daoine Forordaithe), 2020 (“**Ordú 2020**”) liosta “daoine forordaithe” ar féidir nochtadh a dhéanamh leo. Áirítear leis na daoine forordaithe siúd, Coimisinéir an Choimisiúin Chosanta Sonraí, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, comhalta de Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, i measc daoine eile. Leagtar liosta iomlán daoine forordaithe amach [in Ordú 2020](#).

12.3.2. Is féidir le hOibrí nochtadh cosanta a dhéanamh le duine forordaithe má chreideann an duine tuairiscithe go réasúnta:

- a) tagann an éagóir ábhartha faoi chuimsiú cur síos ar cheisteanna a bhforordaítear an duine forordaithe ina leith; agus
- b) tá an t-eolas a nochtar, agus aon líomhain a chuimsítear inti, fíor go substainteach.

12.3.3. Cuirtear sreabhchairt den phróiseas le haghaidh nochtadh do dhuine forordaithe ar fáil ag **Aguisín 3**. Ba cheart súil a chaitheamh, áfach, ar láithreán gréasáin an duine fhorordaithe ábhartha i ngach cás chun teacht ar shonraí faoi leith ar an nós imeachta ceart tuairiscithe a bhfuiltear le cloí leis.

12.4. (ii) Nochtadh leis an Aire

12.4.1. Is féidir le hoibrithe atá nó a bhí ina bhfostaithe den Ghailearaí nochtadh a dhéanamh leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Chun nochtadh a dhéanamh leis an Aire, caithfidh an tOibrí a chreidiúint go réasúnta gur gnách don eolas a nochtar ceann amháin nó níos mó de na héagóracha ábhartha; agus caithfidh **ceann amháin nó níos mó** den mhéid seo a leanas a bheith i gceist freisin:

- Rinne an tOibrí nochtadh roimhe seo i leith an eolais atá go substainteach mar an gcéanna lena bhfostóir, le duine eile freagrach, duine forordaithe, nó Aire ábhartha, de réir mar a bheidh, ach níor cuireadh aon aiseolas ar fáil

dóibh mar fhreagairt don nochtadh laistigh den tréimhse a cheadaítear, nó, sa chás gur cuireadh aiseolas ar fáil, go gcreideann an duine tuairiscithe go réasúnta nach ndearnadh aon ghníomh leantach nó go ndearnadh gníomh neamhleor leantach;

- Creideann an tOibrí go réasúnta go bhfuil ceann an chomhlachta phoiblí atá i gceist comhpháirteach san éagóir ábhartha a tugadh le fios;
- Creideann an tOibrí go réasúnta go bhfuil eolas sa nochtadh faoi éagóir ábhartha a bhféadfadh garbhaol nó contúirt shoiléir a chur roimh leas an phobail, ar nós cás éigeandála nó baol i leith díobháil nach féidir a chur ina ceart, a bheith i gceist.

12.4.2. Lena chinntiú go bhfuil an tAire ar an eolas ar intinn an Oibrí, moltar go sonraíonn an tOibrí, nuair a dhéantar nochtadh faoin gcainéal seo, gur nochtadh leis Aire atá ann faoi alt 8 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá nochtadh a fhaigheann Airí le seoladh ar aghaidh ag Airí chuig an gCoimisinéir a chinnteoidh, ar a uain sin, go seoltar an tuairisc chuig an duine is cuí chun déileáil leis an mbuairt a tugadh le fios.

12.4.3. Ba cheart súil a chaitheamh ar láithreán gréasáin [Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán](#) i ngach cás chun teacht ar shonraí faoi leith ar an nós imeachta ceart tuairiscithe a bhfuiltear le cloí leis.

12.5. (iii) Nochtadh leis an gCoimisinéir Nochta Chosanta

12.5.1. Is féidir le duine tuairiscithe nach bhfuil cinnte cé hiad an duine forordaithe is cuí ar féidir leo an cheist a thabhairt le fios dóibh nochtadh a dhéanamh, ina ionad sin, leis an gCoimisinéir. Is é príomhdhualgas an Choimisinéara aon tuairiscí a fhaightear faoi na hAchtanna a atreorú chuig an duine forordaithe is cuí (nó chuig duine oiriúnach eile, mura féidir duine forordaithe a shainiú). Ní dhéanfaidh an Coimisinéir fiosrú leantach go díreach ar thuairisciú ach mar rogha dheiridh.

12.5.2. Is féidir leis an gCoimisinéir nochtadh a fháil trí chainéil sheachtracha tuairiscithe, nach mór dóibh na critéir chéanna a shásamh atá le sásamh ag na cainéil sheachtracha tuairiscithe do dhaoine forordaithe. Is féidir leis an gCoimisinéir nochtadh a fháil freisin a aistríodh ar aghaidh ó Airí Rialtais, de réir Alt 10.2(ii) thuas.

- 12.5.3. Cuirtear sreabhchairt den phróiseas le haghaidh nochta don Choimisinéir ar fáil ag **Aguisín 4**. Ba cheart súil a chaitheamh, áfach, ar láithreán gréasáin¹ i ngach cás chun teacht ar shonraí faoi leith ar an nós imeachta ceart tuairiscithe a bhfuiltear le cloí leis.

13. GNÍOMH DISCIPLÍNEACH

- 13.1. Tá an ceart ar cosaint ag an nGailearaí tús a chur le gníomh disciplíneach sna cásanna seo a leanas:
- (a) déantar nochtadh seachas iad siúd ina gcreidtear go réasúnta gur gnách leo a thaispeáint (nó i gcás nochta le rialálaí ainmnithe, a dheimhníonn fírinne shubstainteach) Éagóir Ábhartha amháin nó níos mó;
 - (b) bagraítear ar aon Oibrí nó déantar íospairt, bulaíocht nó ciapadh orthu nó baintear díoltas amach ina leith ag comhghleacaí as fíorbhuairt a thabhairt le fios (in aghaidh an chomhghleacaí ciontaithe); nó
 - (c) déanann aon Oibrí éagóir ábhartha a cheilt nó a fholú, ar cion disciplíneach é sin féin.
- 13.2. Má deirtear le hOibrí gan Eolas Ábhartha a nochtadh faoi Éagóir Ábhartha, fiú más duine in údarás é seo, níor cheart dóibh comhaontú le fanacht ina dtost agus má dhéanann siad nochtadh, tabharfar cosaint iomlán an Bheartais seo dóibh.

14. CIONTA COIRIÚLA

- 14.1. Tá cion coiriúil déanta ag duine faoi na hAchtanna sna cásanna seo a leanas:
- a) cuireann siad bac ar nó déanann siad iarracht ar bhac a chur ar Oibrí tuairisc a dhéanamh;
 - b) pionósú a dhéanamh nó bagairt ar phionósú a dhéanamh, nó a chur faoi deara/a cheadú d'aon duine eile amhlaidh a dhéanamh in aghaidh duine tuairiscithe, éascaitheora, duine atá ceangailte leis an duine tuairiscithe a d'fhéadfadh bheith thíos le pionósú a bhaineann leis an obair, nó aonán dlíthiúil ar leis an duine tuairiscithe é nó a n-oibríonn sé/sí leis nó atá ceangailte leis ar bhealach eile;
 - c) imeachtaí cráiteacha a thosú in aghaidh aon duine a dtagraítear dóibh ag 14.2(b);

¹ Ní raibh an láithreán beo ag tráth foilsithe an Bheartais seo.

- d) sárú ar dhualgas na rúndachta i dtaca le haitheantas daoine tuairiscithe;
 - e) tuairisc bhréagach a dhéanamh go feasach; nó
 - f) teip ar an riachtanas a chomhlíonadh cainéil agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánaigh a bhunú, a chothú agus a oibriú.
- 14.2. Má dhéanann an Gailearaí cion le toiliú stiúrthóra, bainisteora nó oifigigh eile, nó más féidir cion a chur i leith fhaillí na ndaoine siúd, beidh an duine sin faoi dhliteanas ionchúisimh freisin.
- 14.3. Is féidir fineálacha a mhéid le €250,000 nó príosúnacht ar feadh a fhaide le 2 bhliain, nó an dá rud, a ghearradh.

15. TAIFID AGUS TUAIRISCIÚ

- 15.1. Coimeádfaidh an Ceann Bailiúchán agus Taighde taifead rúnda ar an nochtadh go léir a rinneadh agus ar na torthaí agus soláthróidh siad tuairisc scríofa ag deireadh aon imscrúdaithe do Stiúrthóir na Dánlainne ina gcuimsítear cur síos ar an nochtadh a rinneadh agus an toradh. Ní chuirfear aitheantas an Oibrí san áireamh sa tuairisc seo ach má mheastar go bhfuil gá iomlán leis. Coimeádfar gach taifead scríofa a bhaineann le nochtadh cosanta ar feadh tréimhse trí bliana. Ní chuirfear teacht ar fáil ar na taifid siúd ach dóibh siúd óna dteastaíonn rochtain faoin mBeartas seo.
- 15.2. Cuirfear Tuarascáil Bhliantúil faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tráth nach déanaí ná an 1 Márta i ngach bliain, maidir leis an nochtadh cosanta a fuarthas sa bhliain féilire roimhe sin. Cloífidh an tuarascáil bhliantúil leis na hábhair fhorordaithe a leagtar amach sna hAchtanna agus cothóidh siad neamhainmníocht iad siúd uile atá i gceist.
- 15.3. Foilseoidh an Gailearaí an Tuarascáil Bhliantúil freisin ar a láithreán gréasáin tráth nach déanaí ná faoin 31 Márta gach bliain san fhoirm a fhorordaítear sna hAchtanna.

16. FOILSIÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ

- 16.1. Cuirfear an Beartas seo ar fáil ar láithreán gréasáin agus inlín an Ghailearaí.
- 16.2. Déanfaidh an Gailearaí athbhreithniú ar an mBeartas seo gach dhá bhliain agus níos luaithe, sa chás go dtabharfar reachtaíocht leasaithe isteach nó go dteastaíonn mionleasuithe óna dteastaíonn athbhreithniú níos luaithe.

Aguisín 1

Cainéil Nochtá a Chur i gComparáid²

8. Nochtadh Cosanta a Dhéanamh

Nochtadh chuig	Fostóir (Tuairisciú inmheánach)	Duine forordaithe (Tuairisciú seachtrach)	Coimisinéir (Tuairisciú seachtrach)	Aire (Eile)
A(i)lt ar leith den Acht	5.6, 6A	5.7, 7A	5.7, 10B, 10C	5.8, 10D
Cé leis a mbaineann seo?	Oibrí an fhostóra Oibrí fostóra eile nuair a bhaineann an éagóir go hiomlán/go príomha le hiompar an fhostóra sin nó a bhfuil freagracht dhlíthiúil ar an bhfostóir as	Oibrí	Oibrí	Oibrí atá nó a bhí fostaithe ag comhlacht poiblí
Coinníollacha cosanta faoin Acht	Tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha.	Tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta: <ul style="list-style-type: none"> • Go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha; agus • Go bhfuil an t-eolas agus aon líomhaintí fíor go substainteach; agus • Baineann éagóir ábhartha le ceist dá bhforordaítear duine. 	Gur tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta: <ul style="list-style-type: none"> • Go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha; agus • Go bhfuil an t-eolas agus aon líomhaintí fíor go substainteach. 	Gur tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha. Go sásaíonn sé ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Rinneadh tuairisciú inmheánach agus/nó seachtrach ach creidtear go réasúnta nach ndearnadh aon ghníomh nó go ndearnadh gníomh neamhleor leantach; • Creidtear go réasúnta go bhfuil ceann an chomhlachta poiblí atá i gceist comhpháirteach san éagóir; • Creidtear go réasúnta go bhféadfadh an éagóir leas an phobail a chur i ngarbhaol nó i mbaol soiléir.
Tuairiscí gan ainm	Tá ar chomhlachtaí poiblí glacadh leis.	Caithfear glacadh leis murach go gcuireann reachtaíocht eile cosc air.	Caithfear glacadh leis.	Caithfear glacadh leis.

² Bainte ó Threoir an RCPA.

Nochtadh chuig	Fostóir (Tuairisciú inmheánach)	Duine forordaithe (Tuairisciú seachtrach)	Coimisinéir (Tuairisciú seachtrach)	Aire (Eile)
Modh tuairiscithe	I scríbhinn nó ó bhéal nó araon (faoi rogha an fhostóra)	I scríbhinn agus ó bhéal	I scríbhinn agus ó bhéal	Faoi rogha an Aire
Oibleagáidí ar an bhfaighteoir	<p>Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá.</p> <p>An t-eolas a tuairiscíodh a fhiosrú go dícheallach.</p> <p>Aiseolas a sholáthar laistigh de 3 mhí.</p> <p>Aiseolas leanúnach a sholáthar ag eatrainm 3 mhí (ar iarraidh).</p>	<p>Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá, murach gur iarradh gan amhlaidh a dhéanamh nó dá gcuirfeadh amhlaidh a dhéanamh isteach ar aitheantas an duine tuairiscithe a chosaint.</p> <p>An tuairisc a tharchur laistigh de 14 lá (nó níos faide faoi chúinsí eisceachtúla) chuig:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An duine/na daoine forordaithe sin a mheasann an Coimisinéir is cuí, nó; • An duine/na daoine forordaithe sin a mheasann an Coimisinéir is cuí, nó; <p>Mura féidir aon duine forordaithe nó oiriúnach a shainaithint, fiosróidh an Coimisinéir an tuairisciú go díreach ar an mbealach céanna a dhéanfaidh duine forordaithe.</p>		

Fíor 1. Cainéil Nochta a Chur i gComparáid

Aguisín 2

Ábhair Tuarascáil Nochta Inmheánach³


Ba cheart an t-eolas seo a leanas, ar a laghad, a bheith i dtuairiscí:

- gur nochtadh cosanta í an tuarascáil agus go bhfuil sí á déanamh faoin mBeartas seo;
- ainm an duine tuairiscithe, a bpost san eagraíocht, a n-áit oibre agus sonraí teagmhála rúnda;
- dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta a tosaíodh an éagóir líomhnaithe nó a sainaithníodh í;
- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an éagóir líomhnaithe ar bun go fóill;
- cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh an éagóir líomhnaithe cheana féin agus má nochtadh, le cén duine ar nochtadh í, cathain a nochtadh í agus cén gníomh a rinneadh,
-
- eolas maidir leis an éagóir líomhnaithe (an méid atá ag titim amach / an méid a thit amach agus conas a thit sé amach) agus aon eolas a thacaíonn leis;
- ainm aon duine/daoine a líomhnaítear a líomhnaítear a bhaineann leis an éagóir líomhnaithe (más eol aon ainm agus má mheasann an t-oibrí gur gá duine aonair a ainmniú chun an éagóir a nochtar a thabhairt le fios); agus
- agus aon eolas ábhartha eile.

³ Bainte ó Threoir an RCPA.

Aguisín 3


Sreabhchart do Phróiseas Nochta ag Duine Forordaithe¹



Fíor 2: Sreabhchart do Phróiseas Nochta ag Duine Forordaithe

Aguisín 4

Sreabhchart do Phróiseas Nochta Chosanta ag an gCoimisinéir¹



Fíor 3: Sreabhchart do Phróiseas Nochta Chosanta ag an gCoimisinéir